# Díochlaonadh na n-ainmfhocal agus na n-aidiachtaí

Tugann na nótaí seo léargas ginearálta ar dhíochlaonadh na n-ainmfhocal agus na n-aidiachtaí sa Ghaeilge, idir rialta agus neamhrialta. Tá cur síos níos mionsonraí le fáil in *An Caighdeán Oifigiúil, Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* agus graiméir eile, agus tá eolas mionsonrach maidir lena bhfoirmeacha infhillte le fáil sna comhaid ghramadaí ar www.teanglann.ie, áit a bhfaightear freisin Draoi Gramadaí a mheaitseálann ainmfhocal le réamhfhocal agus/nó le haidiacht agus a thaispeánann na foirmeacha infhillte cearta de réir an Chaighdeáin.

Go ginearálta, baineann na hainmfhocail agus aidiachtaí sa Ghaeilge le díochlaontaí - saghas foirmlí nó sraitheanna de rialacha a leagann síos an chaoi a n-athraíonn na focail seo de réir a gcomhthéacs gramadaí. Tá cúig dhíochlaonadh ag na hainmfhocail agus trí cinn ag na haidiachtaí, agus áirítear aon ainmfhocal nó aidiacht nach n-infhilleann de réir díochlaonadh éigin a bheith neamhrialta. San fhoclóir seo tá na hainmfhocail agus aidiachtaí rangaithe ina ndíochlaontaí de réir *Foclóir Gaeilge-Béarla* Uí Dhónaill (1977), an mórfhoclóir Gaeilge-Béarla deiridh a foilsíodh agus an phríomhfhoinse thagartha i dtaca le hortagrafaíocht na Gaeilge.

## A. AINMFHOCAIL

Tá ceithre phríomhfhoirm i gceist leis an ainmfhocal sa Ghaeilge: an t-ainmneach uatha, an ginideach uatha, an t-ainmneach iolra agus an ginideach iolra. Is í an chaoi a n-athraíonn an t-ainmfhocal ón ainmneach uatha go dtí an ginideach uatha a rialaíonn cé acu díochlaonadh lena mbaineann an t-ainmfhocal sin:

- 1ú Díochlaonadh, caolaítear an consan deiridh;
- 2ú Díochlaonadh, athraíonn deireadh an fhocail chuig *-e* nó *-(a)í*;
- 3ú Díochlaonadh, athraíonn deireadh an fhocail go dtí *-a*;
- 4ú Díochlaonadh, ní thagann aon athrú ar an ainmfhocal;
- 5ú Díochlaonadh, athraíonn deireadh an fhocail go dtí consan leathan.

Cé go dtugann deirí focail áirithe san ainmneach uatha leid maidir leis na foirmeacha iolra, go hiondúil ní féidir foirmeacha iolra na n-ainmfhocal a thuar go cruinn agus moltar seiceáil i bhfoinsí ar nós www.teanglann.ie, www.tearma.ie nó *Foclóir Gaeilge-Béarla* mar a dtugtar foirmeacha uile na n-ainmfhocal.

*Tréaniolraí agus lagiolraí:*

- Más ionann foirm an ainmfhocail san ainmneach iolra agus sa ghinideach uatha araon (mar shampla *dánta* > *dánta*, *oifigí* > *oifigí*, *cluichí* > *cluichí*), deirtear gur tréaniolra é an t-ainmfhocal sin.
- Má tá foirmeacha difriúla ag an ainmfhocal san ainmneach iolra agus sa ghinideach uatha (mar shampla *focail* > *focal*, *fuinneoga* > *fuinneog*), deirtear gur lagiolra é an t-ainmfhocal sin. Seachas roinnt bheag ainmfhocail neamhrialta nach mbaineann le haon díochlaonadh ar leith, is ionann foirm an ghinidigh iolra agus foirm an ainmnigh uatha i gcás na lagiolraí.

### 1ú Díochlaonadh

Ainmfhocail fhirinscneacha atá san 1ú Díochlaonadh agus críochnaíonn a bhfoirm ainmneach uatha ar chonsan leathan. Seo mar a dhíochlaontar iad:

- Caolaítear an consan deiridh sa ghinideach uatha: *gluaisteán* > *gluaisteáin* (*an gluaisteán* > *tiománaí an ghluaisteáin*); *airgead* > *airgid* (*an t-airgead* > *fear an airgid*).

- Athraíonn na foircinn *-ach*, *-each* agus *-íoch* go dtí *-aigh*, *-igh* agus *-ígh* faoi seach sa ghinideach uatha: *oileánach* > *oileánaigh* (*an t-oileánach* > *scéal an oileánaigh*); *Taoiseach* > *Taoisigh* (*an Taoiseach* > *óráid an Taoisigh*); *coimhthíoch* > *coimhthígh* (*an coimhthíoch* > *teanga an choimhthígh*).
- I gcásanna áirithe caolaítear an consan deiridh nó cuirtear *-a* leis an ainmneach uatha chun an t-ainmneach iolra a fháil: *an caisleán* > *na caisleáin*; *an cleas* > *na cleasa*. Is lagiolraí iad seo: *na caisleáin* > *stair na gcaisleán*; *na cleasa* > *Cú na gCleas*.
- I gcásanna eile cuirtear foircinn ar nós *-anna* (*carr* > *carranna*); *-ta* (*díon* > *díonta*); *-tha* (*glór* > *glórtha*) nó *-aí* (*éadach* > *éadaí*) leis an ainmneach uatha chun an t-ainmneach iolra a fháil. Is tréaniolraí iad seo: *na carranna* > *luach na gcarranna*; *na díonta* > *os cionn na ndíonta*; *na glórtha* > *fuaim na nglórtha*; *na héadaí* > *dath na n-éadaí*.
- Tá roinnt ainmfhocal san 1ú Díochlaonadh a bhfuil foirm iolra neamhrialta acu, e.g. *bóthar* > *bóithre*, *doras* > *doirse*, *smaoineamh* > *smaointe*. Is tréaniolraí iad seo de ghnáth.

**2ú Díochlaonadh**

Ainmfhocail bhaininscneacha atá sa 2ú Díochlaonadh (seachas *im*, *sliabh*). Críochnaíonn a bhfoirm ainmneach uatha ar chonsan. Seo mar a dhíochlaontar iad:

- I gcásanna áirithe cuirtear *-e* le consan deiridh an ainmnigh uatha (caolaítear an consan deiridh más gá): *cistin* > *cistine* (*an chistin* > *doras na cistine*); *bialann* > *bialainne* (*an bhialann* > *bainisteoir na bialainne*).
- Athraíonn ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-ach* agus *-each* go dtí *-aí* agus *-í* faoi seach sa ghinideach uatha: *gealach* > *gealaí* (*an ghealach* > *solas na gealaí*); *báisteach* > *báistí* (*an bháisteach* > *torann na báistí*);
- Na hainmfhocail a gcuirtear *-a* lena bhfoirm ainmneach uatha chun an t-ainmneach iolra a fháil, is lagiolraí iad: *na bróga* > *luach na mbróg*; *na leabharlanna* > *foireann na leabharlann*;
- Is tréaniolraí iad na hainmfhocail a chríochnaíonn ar *-í*, *-anna*, *-ta*, *-te* agus *-tha* san iolra: *na habairtí* > *fad na n-abairtí*; *na duaiseanna* > *coiste na nduaiseanna*; *na tonnta* > *neart na dtonnta*; *na coillte* > *lucht na gcoillte*; *na tíortha* > *stair na dtíortha*.
- Tá roinnt ainmfhocal sa 2ú Díochlaonadh a bhfuil iolraí neamhrialta acu, e.g. *scian* > *sceana*; *culaith* > *cultacha*. Is tréaniolraí iad seo de ghnáth.

**3ú Díochlaonadh**

Tá ainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha araon sa 3ú Díochlaonadh. Críochnaíonn a bhfoirm ainmneach uatha ar chonsan. Seo mar a dhíochlaontar iad:

- Cuirtear *-a* le consan deiridh an ainmnigh uatha (leathnaítear an consan deiridh más gá): *gleann* > *gleanna* (*an gleann* > *muintir an ghleanna*); *feoil* > *feola* (*an fheoil* > *blas na feola*).
- Na hainmfhocail phearsanta a chuireann síos ar obair, ról, tréithe, etc duine, tá siad firinscneach agus tá tréaniolraí acu a chríochnaíonn ar *-í*: *druncaeir*(*í*), *baincéir*(*í*), *leisceoir*(*í*), *moltóir*(*í*), *dochtúir*(*í*).
- Mar riail ghinearálta, is firinscneach atá na hainmfhocail aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan san ainmneach uatha (*am*, *bláth*, *ceacht*, etc) agus is baininscneach atá na hainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan caol san ainmneach uatha (*altóir*, *bliain*, *cuid*, etc).
- Na hainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar -(*e*)*acht* agus -(*a*)*íocht*, tá siad baininscneach agus tá tréaniolraí acu a chríochnaíonn ar *-aí*: *scoláireacht*(*aí*), *eolaíocht*(*aí*).
- Tá comhfhocail áirithe ar nós *bunreacht*, *comhlacht* agus *gnólacht* firinscneach toisc go bhfuil na hainmfhocail aonsiollacha fhirinscneacha *reacht* agus *lucht* mar mhír dheiridh iontu.

**4ú Díochlaonadh**

Ainmfhocail fhirinscneacha den chuid is mó atá sa 4ú Díochlaonadh ach tá roinnt ainmfhocail bhaininscneacha ann freisin. Críochnaíonn a bhformhór ar ghuta nó ar *-ín*. Seo mar a dhíochlaontar iad:

- Bíonn foirm an ainmnigh agus an ghinidigh den fhocal mar an gcéanna san uatha agus san iolra: *ministir* > *ministir* (*an ministir* > *teach an mhinistir*); *uisce* > *uisce* (*an t-uisce* > *tobar an uisce*); *eolaithe* > *eolaithe* (*na heolaithe* > *obair na n-eolaithe*); *oibrithe* > *oibrithe* (*na hoibrithe* > *urlabhraí na n-oibrithe*).

- Is tréaniolraí iad ar fad.

**5ú Díochlaonadh**

Tá na hainmfhocail sa 5ú Díochlaonadh baininscneach, seachas dornán eisceachtaí, agus críochnaíonn siad ar chonsan caol nó ar ghuta. Seo mar a dhíochlaontar iad:

- Sa ghinideach uatha, cuirtear foirceann leathan ar nós -*ach*, -*d*, -(*n*)*n* nó -*r* leis na hainmfhocail: *beoir* > *beorach* (*an bheoir* > *blas na beorach*); *namhaid* > *namhad* (*an namhaid* > *fórsaí an namhad*); *Albain* > *Rialtas na hAlban*; *athair* > *athar* (*an t-athair* > *tréithe an athar*).
- Is tréaniolraí iad ar fad seachas *caora*, *faocha* agus *lacha*: *na caoirigh* > *Gleann na gCaorach*; *na faochain* > *fear díolta na bhfaochan*; *na lachain* > *nead na lachan*.
- Tá roinnt ainmfhocail phearsanta fhirinscneacha ann, i.e. *athair*, *bráthair*, *cara*, *deartháir*, *namhaid*.

*Ainmfhocail neamhrialta*

Tá difríocht éigin, bíodh sí beag nó mór, idir díochlaonadh na n-ainmfhocal thíos agus rialacha na gcúig dhíochlaonadh traidisiúnta. Cé go dtugtar díochlaonadh iomlán *im* agus *olann* anseo, is annamh a úsáidtear a bhfoirm iolra.

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| bean | mná | mná | ban |
| bó | bó | ba | bó |
| deoch | dí | deochanna | deochanna |
| dia | dé | déithe | déithe |
| im | ime | imeanna | imeanna |
| lá | lae | laethanta | laethanta |
| leaba | leapa | leapacha | leapacha |
| mí | míosa | míonna | míonna |
| olann | olla | olanna | olann |
| talamh | talaimh (masc)<br>*NÓ*<br>talún (fem) | tailte | tailte |
| teach | tí | tithe | tithe |

## B. AIDIACHTAÍ

Tá ceithre phríomhfhoirm i gceist leis an aidiacht sa Ghaeilge: an t-ainmneach uatha [*uatha*], an ginideach uatha firinscneach [*guf*], an ginideach uatha baininscneach [*gub*], agus an t-iolra [*iolra*]. Is í an chaoi a n-athraíonn an aidiacht sna ceithre fhoirm sin a rialaíonn cé acu díochlaonadh lena mbaineann an aidiacht. Bíonn an aidiacht ag teacht le tuiseal agus le huimhir an ainmfhocail i gcónaí, i.e. má tá an t-ainmfhocal baininscneach agus sa ghinideach uatha, beidh an aidiacht mar an gcéanna sa ghinideach uatha baininscneach.

**1ú Díochlaonadh**: críochnaíonn an aidiacht ar chonsan agus infhilltear de réir ceann de na patrúin seo a leanas í:

| | *uatha* | *guf* | *gub* | *iolra* |
|---|---|---|---|---|
| a. | **bán** | **báin** | **báine** | **bána** |
| b. | **glic** | **glic** | **glice** | **glice** |
| c. | **cleasach** | **cleasaigh** | **cleasaí** | **cleasacha** |

**2ú Díochlaonadh**: críochnaíonn an aidiacht ar -(*i*)*úil* agus infhilltear mar seo a leanas í:

| *uatha* | *guf* | *gub* | *iolra* |
|---|---|---|---|
| **misniúil** | **misniúil** | **misniúla** | **misniúla** |

**3ú Díochlaonadh**: críochnaíonn an aidiacht ar ghuta agus ní athraíonn sí:

| *uatha* | *guf* | *gub* | *iolra* |
|---|---|---|---|
| **cliste** | **cliste** | **cliste** | **cliste** |

**Aidiachtaí neamhrialta**: Aon aidiacht nach n-infhilltear de réir ceann de na patrúin thuas, áirítear í a bheith neamhrialta, ach tá go leor de na haidiachtaí neamhrialta seo a infhilltear de réir an 1ú Díochlaonadh seachas nach n-athraíonn siad sa ghinideach uatha firinscneach. San áireamh anseo tá gach aidiacht a chríochnaíonn ar ghuta fada nó défhoghar roimh -*ch* (-*ách*, -*aech*, -*éach*, -*iach*, -*íoch*, -*uach*, etc); agus go leor aidiachtaí aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan, m.sh. *beacht*, *cúng*, *deas*, *docht*, *fann*, *fionn*, *fliuch*, *gann*, *gearr*, *mall*, *mear*, *moch*, *nocht*, *trom* agus *tur*:

| *uatha* | *guf* | *gub* | *iolra* |
|---|---|---|---|
| **lách** | **lách** | **láiche** | **lácha** |
| **buíoch** | **buíoch** | **buíche** | **buíocha** |
| **deas** | **deas** | **deise** | **deasa** |
| **trom** | **trom** | **troime** | **troma** |

*Aidiachtaí ag cáiliú lagiolraí agus tréaniolraí*

- Nuair a bhíonn aidiacht ag cáiliú tréaniolra, bíonn an fhoirm chéanna ag an aidiacht san ainmneach iolra agus sa ghinideach iolra: *na dánta luatha* > *foilsiú na ndánta luatha*, *na hoifigí gnóthacha* > *foireann na n-oifigí gnóthacha*, *na cluichí móra* > *torthaí na gcluichí móra*.
- Nuair a bhíonn aidiacht ag cáiliú lagiolra, bíonn siad san fhoirm iolra sa tuiseal ainmfhocal iolra agus filleann siad ar a bhfoirm uatha sa ghinideach iolra: *na focail shuimiúla* > *brí na bhfocal suimiúil*, *na fuinneoga móra* > *gloine na bhfuinneog mór*, *na saothair luatha* > *foilsiú na saothar luath*.

## C. TÁBLAÍ SAMPLACHA D'AINMFHOCAIL AGUS AIDIACHTAÍ LE CHÉILE

### 1) Ainmfhocail san 1ú Díochlaonadh agus aidiachtaí leo

*Tréaniolraí:*

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an cogadh mór | cúiseanna an chogaidh mhóir | na cogaí móra | cúiseanna na gcogaí móra |
| an samhradh fada | teas an tsamhraidh fhada | na samhraí fada | teas na samhraí fada |

*Lagiolraí:*

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an leabhar cáiliúil | údar an leabhair cháiliúil | na leabhair cháiliúla | údar na leabhar cáiliúil |
| an t-éan beag | canadh an éin bhig | na héin bheaga | canadh na n-éan beag |
| an clár conspóideach | ábhar an chláir chonspóidigh | na cláir chonspóideacha | ábhar na gclár conspóideach |

### 2) Ainmfhocail sa 2ú Díochlaonadh agus aidiachtaí leo

*Tréaniolraí:*

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an lámhscríbhinn cháiliúil | stair na lámhscríbhinne cáiliúla | na lámhscríbhinní cáiliúla | stair na lámhscríbhinní cáiliúla |
| an earráid bheag | cúis na hearráide bige | na hearráidí beaga | cúiseanna na n-earráidí beaga |
| an cheist chonspóideach | freagra na ceiste conspóidí | na ceisteanna conspóideacha | freagraí na gceisteanna conspóideacha |
| an tsráid fhada | ar feadh na sráide fada | na sráideanna fada | ar feadh na sráideanna fada |

*Lagiolraí:*

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an bhróg bhog | bonn na bróige boige | na bróga boga | boinn na mbróg bog |
| an chláirseach bhinn | ceol na cláirsí binne | na cláirseacha binne | ceol na gcláirseach binn |

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an chartlann chlúiteach | catalóg na cartlainne clúití | na cartlanna clúiteacha | catalóga na gcartlann clúiteach |
| an fhuinneog mhór | gloine na fuinneoige móire | na fuinneoga móra | gloine na bhfuinneog mór |

## 3) Ainmfhocail sa 3ú Díochlaonadh agus aidiachtaí leo

*Tréaniolraí uile:*

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an léachtóir cáiliúil (fir.) | saothar an léachtóra cháiliúil | na léachtóirí cáiliúla | saothar na léachtóirí cáiliúla |
| an bhanríon cháiliúil (bain.) | saol na banríona cáiliúla | na banríonacha cáiliúla | saol na mbanríonacha cáiliúla |
| an t-eas beag (fir.) | torann an easa bhig | na heasanna beaga | torann na n-easanna beaga |
| an eagraíocht bheag (bain.) | obair na heagraíochta bige | na heagraíochtaí beaga | obair na n-eagraíochtaí beaga |
| an cainteoir conspóideach (fir.) | óráid an chainteora chonspóidigh | na cainteoirí conspóideacha | óráidí na gcainteoirí conspóideacha |
| an chomhdháil chonspóideach (bain.) | i ndiaidh na comhdhála conspóidí | na comhdhálacha conspóideacha | i ndiaidh na gcomhdhálacha conspóideacha |
| an gleann mór (fir.) | dúiche an ghleanna mhóir | na gleannta móra | dúiche na ngleannta móra |
| an ghluaiseacht mhór (bain.) | ceannairí na gluaiseachta móire | na gluaiseachtaí móra | ceannairí na ngluaiseachtaí móra |
| an sos fada (fir.) | le linn an tsosa fhada | na sosanna fada | le linn na sosanna fada |
| an tseanmóir fhada (bain.) | téacs na seanmóra fada | na seanmóirí fada | téacs na seanmóirí fada |

## 4) Ainmfhocail sa 4ú Díochlaonadh agus aidiachtaí leo

*Tréaniolraí uile:*

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an dráma cáiliúil (fir.) | údar an dráma cháiliúil | na drámaí cáiliúla | údar na ndrámaí cáiliúla |

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an dúiche cháiliúil (bain.) | stair na dúiche cáiliúla | na dúichí cáiliúla | stair na ndúichí cáiliúla |
| an t-asailín beag (fir.) | cró an asailín bhig | na hasailíní beaga | cró na n-asailíní beaga |
| an aiste bheag (bain.) | ag scríobh na haiste bige | na haistí beaga | ag scríobh na n-aistí beaga |
| an cluiche conspóideach (fir.) | tar éis an chluiche chonspóidigh | na cluichí conspóideacha | tar éis na gcluichí conspóideacha |
| an chuideachta chonspóideach (bain.) | stiúrthóir na cuideachta conspóidí | na cuideachtaí conspóideacha | stiúrthóirí na gcuideachtaí conspóideacha |
| an féasta mór (fir.) | le linn an fhéasta mhóir | na féastaí móra | le linn na bhféastaí móra |
| an fharraige mhór (bain.) | trasna na farraige móire | na farraigí móra | trasna na bhfarraigí móra |
| an slabhra fada (fir.) | ag tarraingt an tslabhra fhada | na slabhraí fada | ag tarraingt na slabhraí fada |
| an tsleá fhada (bain.) | ag caitheamh na sleá fada | na sleánna fada | ag caitheamh na sleánna fada |

## 5) Ainmfhocail sa 5ú Díochlaonadh agus aidiachtaí leo

*Tréaniolraí uile:*

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an litir cháiliúil | dáta na litreach cáiliúla | na litreacha cáiliúla | dátaí na litreacha cáiliúla |
| an abhainn bheag | timpeall na habhann bige | na haibhneacha beaga | timpeall na n-aibhneacha beaga |
| an cháin chonspóideach | bailiú na cánach conspóidí | na cánacha conspóideacha | bailiú na gcánacha conspóideacha |
| an mhonarcha mhór | foireann na monarchan móire | na monarchana móra | foireann na monarchana móra |
| an tseanchathair stairiúil | ballaí na seanchathrach stairiúla | na seanchathracha stairiúla | ballaí na seanchathracha stairiúla |
| an cara maith | tréithe an charad mhaith | na cairde maithe | tréithe na gcairde maithe |
| an namhaid fíochmhar | ionsaí an namhad fhíochmhair | na naimhde fíochmhara | ionsaí na naimhde fíochmhara |

### 6) Ainmfhocail neamhrialta agus aidiachtaí leo

| Ainmneach uatha | Ginideach uatha | Ainmneach iolra | Ginideach iolra |
|---|---|---|---|
| an bhean shaibhir | scéal na mná saibhre | na mná saibhre | scéal na mban saibhir |
| an bhó bhradach | nós na bó bradaí | na ba bradacha | nós na mbó bradach |
| an deoch dheireanach | ag ól na dí deireanaí | na deochanna deireanacha | ag ól na ndeochanna deireanacha |
| an dia bréagach | íomhá an dé bhréagaigh | na déithe bréagacha | íomhánna na ndéithe bréagacha |
| an lá fada | i ndiaidh an lae fhada | na laethanta fada | i ndiaidh na laethanta fada |
| an leaba chúng | faoi bhun na leapa cúinge | na leapacha cúnga | faoi bhun na leapacha cúnga |
| an mhí fhuar | le linn na míosa fuaire | na míonna fuara | le linn na míonna fuara |
| an olann mhín | luach na holla míne | na holanna míne | luach na n-olann mín |
| an talamh bocht | ag saothrú an talaimh bhoicht *NÓ* ag saothrú na talún boichte | na tailte bochta | ag saothrú na dtailte bochta |
| an teach mór | muintir an tí mhóir | na tithe móra | muintir na dtithe móra |